intinní
fiosracha
Aimsigh ETIM

SCIENCE WEEK
#scienceweek
12-19 November 2023
Supported by Science Foundation Ireland

# Acmhainn don Seomra Ranga

## Déan iniúchadh ar do thimpeallacht ag baint úsáide as an sraith, do chéadfaí – Blaiseadh



Science Foundation Ireland
For what's next

# Imscrúdú

## Déan iniúchadh ar do thimpeallacht ag baint úsáide as an sraith, do chéadfaí – Blaiseadh

**Leibhéal Ranga** – Sóisearach

### Naisc Churaclaim

| | |
|---|---|
| **Snáithe:** | Nithe Beo |
| **Aonad Snáithe:** | Mé Féin |
| **Cuspóirí an Churaclaim:** | Cosúlachtaí agus difríochtaí fisiciúla idir daoine aonair a aithint agus a thomhas; Úsáid na céadfaí go léir chun a bheith feasach ar thimpeallachtaí agus iad a iniúchadh |
| **Forbairt Scileanna:** | Ag Obair de réir na hEolaíochta (Ceistiú Imscrúdú, Breathnú); Anailísiú (Taifeadadh agus cumarsáid a dhéanamh) |
| **Focail nua/stór focal:** | Céadfaí, Milis, Searbh, Salann, Géar |
| **Focail nua:** | Blas (Taste), Teanga (Tongue), Blasóg (Taste Bud), Boladh (Smell), Torthaí (Fruit) |
| **Naisc thraschuraclaim:** | Teanga, OSPS, Folláine |
| **Trealamh/ábhair** | • Píosaí beaga torthaí (trí cinn in aghaidh an fhoghlaimeora).<br>• Nó earraí óna lón féin. |





# Meall

## Ceisteanna spreagtha

- An bhfuil aon bhia a thaitin linn anois nár thaitin linn roimhe seo?
- An bhfuil aon bhia ann a thaitin linn roimhe seo ach nár thaitin linn anois?
- An bhfuil blas difriúil ar bhia nuair atáimid tinn nó atá ocras breise orainn?

## Faisnéis chúlra

Úsáidimid ár gcéadfaí chun idirghníomhú leis an domhan agus lenár dtimpeallacht beagnach go hiomlán de réir instinne. Úsáidimid ár súile, ár gcluasa agus ár srón chun contúirt timpeall orainn a aithint. Is minic a úsáideann muid teaglaim céadfaí i ngach rud a dhéanaimid ach is gnách go ndírímid ar chéadfa cheannasach amháin agus muid ag iniúchadh áiteanna éagsúla ar an domhan. Mar shampla, dírímid ar an gcaoi a gcloisimid ceol, ach is annamh a smaoinímid ar an gcaoi a mothaímid é (an dord/buille). Dírímid ar bhlas an bhia ach measaimid go bhfuil boladh tánaisteach.

Aithnímid rudaí de réir radhairc ach is féidir muid á cur i gcéill go héasca agus muid ag úsáid ár céadfa tadhaill. Trí iniúchadh a dhéanamh ar an dtimpeallacht ag úsáid na gcéadfaí a mheasfaimis de ghnáth tánaisteach (nó nach mheasfaimis in aon chor), tuigimid a thábhachtaí agus atá gach céadfa inár saol laethúil.

Cé go meastar go bhfuil blas ar cheann de na cúig mhór-chéadfaí atá againn, is nuair a bhaintear an céadfa bolaidh atá againn a thugaimid faoi deara an nasc le blas. An raibh slaghdán/fliú ort riamh agus ar thug tú faoi deara an t-athrú ar an gcaoi a bhlaiseann bia? Coscann srón phlúchta an chuid bolaidh de bhlas ó fheidhmiú agus gan ach bachlóga blas na dteanga a fhágáil.





# Déan Imscrúdú

**Chun ullmhú don imscrúdú a dhéanamh, smaoinigh ar an rang a thógáil ar shiúlóid 'céadfaithe', áit a scríobhann nó a tharraingíonn foghlaimeoirí an méid a fheiceann siad, a chloiseann siad, a bholann siad agus a thadhall i ngairdín nó i dtailte na scoile.**

## Ceist thosaigh

An dtéann ár gcéadfa bolaidh i bhfeidhm ar an gcaoi a bhlaiseann ár mbia?

## Ag Tuar

Déan tuar má chuireann tú greim ar do shrón agus tú ag ithe an athraíonn blas do lóin.

## An t-imscrúdú a dhéanamh

- Tabhair rogha píosaí torthaí nó bianna eile nó iarr ar na foghlaimeoirí cuid dá lón féin a úsáid.
- Lig gach foghlaimeoir trí phíosa de na torthaí céanna a roghnú.
- Ag tuar - cad iad na focail a chuireann síos ar chonas a cheapann siad go mblaiseann sé?
- Tabhair cuireadh d'fhoghlaimeoirí na torthaí a bhlaiseadh (déan cinnte go bhfuil go leor ann ar feadh trí bhlas ar a laghad) agus iarr orthu scríobh síos conas a bhlaiseann an bia.
- Anois iarr ar na foghlaimeoirí greim a choimeád ar a srón le lámh amháin agus na torthaí a bhlaiseadh. Nuair a bheidh an bia slogtha acu caithfidh siad cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhlaiseann sé sula scaoiltear a srón.
- Faoi dheireadh iarr ar na foghlaimeoirí greim a choimeád ar a srón agus an bia a bhlaiseadh don uair dheireanach. An uair seo scaoileann siad greim ar a srón tar éis cúpla soicind ach sula slogtar iad. Anois iarr orthu taifead a dhéanamh an raibh athrú ar bhlas nó nach raibh agus iad ag ithe.

## Sonraí/torthaí a roinnt

- Cruthaigh néal focal de na focail is coitianta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar na blasanna do gach céim den imscrúdú.
- An dtrasnaíonn aon cheann de na focail?





# Glac an Chéad Chéim Eile

## Oiriúnaigh don bhaile:

Déan an t-imscrúdú mar a thuairiscítear thuas. Le cur leis an tástáil, dún na súile agus cuir greim ar an srón nuair a sholáthraíonn ball teaghlaigh iontaofa samplaí de rogha bia aithnidiúil. An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoin mbia bunaithe ar bhlas?

